# AN BINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA

THE EMPLOYMENT APPEALS TRIBUNAL

An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

# An Daichead A Dóú Tuairisc Bhliantúil

2009

**AN BINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA**

**THE EMPLOYMENT APPEALS TRIBUNAL**

An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

# An Daichead A Dóú Tuairisc Bhliantúil

2009

Aighnithe don Aire Fiontar, Trádála agus
Nuálaíochta de bhun Rannóg 39(18) de Acht na
n-Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967

# CLÁR

**Aighniú an Chathaoirligh don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta** 1

RANNÓG 1
**Ráiteas Corparáideach agus Gníomhaíochtaí 2009** 4

RANNÓG 2
**Ballraíocht an Bhinse** 9

RANNÓG 3
**Cásanna Curtha Faoi Bhráid agus Curtha de Láimh ag an mBinse i 2009** 12

*Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007* 15
*Achtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005* 15
*Achtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007* 15
*Achtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004* 16
*Achtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2004* 17
*An tAcht um Íocaíocht Tuarastal, 1991* 17
*Achtanna um Théarmaí Fostaíochta (Eolas), 1994 agus 2001* 17
*Achtanna um Scor Uchtála, 1995 agus 2005* 17
*An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996* 18
*An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997* 18
*An tAcht um Shaoire Tuismitheoirí, 1998 agus 2006* 18
*An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998* 18
*Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaíochta), 2000* 19
*Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaithe In Aistriú Na nGnóthas), 2003* 19
*An tAcht um Shaoire Chúramóra, 2001* 19
*An tAcht Iomaíochta, 2002* 20
*An tAcht Ceimiceán, 2008* 20
*Tréimhse Feitheamh ar an meán le hAghaidh Chásanna Teacht chun Éisteachta* 20
*Achomhairc chuig an Ard Chúirt* 20
*Achomhairc chuig Cúirteanna Cuarda* 20
*Méid Uair a Shuigh an Binse* 20
*Méid Curtha Siar* 21
*Iarratais le haghaidh Léirmhínitheoirí* 21
*Insroichteacht* 21
*Ionadaíocht ag Éisteachtaí* 21

RANNÓG 4
**Staitisticí** 23

# Aighniú an Chathaoirligh don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

**Aighniú an Chathaoirligh do An tUas. Parlathán Ó Caoimh**
**Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta**

*A Aire,*

Tá áthas orm Tuairisc Bhliantúil an Bhinse Achomhairc Fostaíochta don bhliain 2009 a aighniú duitse, i gcomhréir le Rannóg 39 (1 8) des na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1 967 go 2007. Seo mo chéad tuairisc duitse mar Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus mo naoú Tuairisc mar Chathaoirleach ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Is eagraíocht gar-bhreithiúnach é an Binse. Is í a feidhm phríomha breithiúnas a dhéanamh ar aighnis faoi chearta fostaíochta aonaracha. Tá údarás aige faoi cúig Acht déag de chuid an Oireachtais agus faoi dhá ionstraim reachtúla chun déileáil le díospóidí a thagann suas le linn tréimhse na fostaíochta nó ag briseadh an ghaoil fhostaíochta.

D'fhéadfadh éilimh a thagann ó bhriseadh an ghaoil fhostaíochta a bheith déanta díreach chuig an Bhinse. Tá éilimh do dhífhostú éagórach, iomarcaíocht agus fógra íosta i measc iad seo. Tá gearáin i gcoinne Bhreith an Aire faoi chearta fostaithe nuair atá an fostóir dócmhainneach déanta díreach don mBinse, chomh maith. Sa deireadh, d'fhéadfadh éilimh i leith teidil saoire atá ann ag briseadh na fostaíochta a bheith san áireamh le h-aon éileamh, achomharc nó gearán eile atá curtha ós comhair an Bhinse.

Is eagraíocht achomhairc é an Binse, chomh maith, a dhéanann breithiúnas ar achomhairc ó mholtaí nó ó Bhreitheanna Coimisinéirí um Chearta faoi cúig phíosa reachtaíocht cearta fostaíochta déag.

Go neamhghnách, is féidir le h-éilimh le haghaidh dífhostú éagóraigh a bheith déanta ar an gcéad dul síos chuig an Binse, nó, chuig Choimisinéir um Chearta agus ar an dara dul síos luíonn achomharc ó mholadh Coimisinéir um Chearta chuig an Binse.

Bhí an méadú is mó riamh i méid na gcásanna a cuireadh faoi bhráid an Bhinse i 2009. Mhéadaigh méid na gcásanna a cuireadh faoi bhráid an Bhinse go 9,458 i 2009 ó 5,457 i 2008, sin méadú 4,001 cás nó 73%, rud a bhí mar méadú trí uaire ina ualach oibre le linn an dá bhliain deiridh. Bhí méid na gcásanna iomarcaíochta a cuireadh faoina bhráid ar a laghad dhá uair níos mó, d'ardaigh siad 114% go 3,008 i 2009 ó 1,407 i 2008 agus ó 637 i 2007, rud a bhí mar méadú faoi chúig le linn dhá bhliana. D'ardaigh méid na gcásanna a cuireadh faoina bhráid faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach go 2,489 i 2009, sin méadú 62% ós cionn méid na gcásanna a cuireadh faoina bhráid i 2008. Seasann breithniú a dhéanamh ar chásanna de dhífhostú éagórach do thimpeall 93% d'ualach oibre an Bhinse maidir leis an méid ama a chaitheadh ar éisteachtaí agus tá an obair chúlra atá i gceist le Cinneadh an Bhinse a eisiúint dos na páirtithe san áireamh. D'ardaigh méid na n-achomharc ó Mholtaí agus ó Bhreitheanna na gCoimisinéirí um Chearta go 629 i 2009 ó 447 i 2008, sin méadú 41%. D'ardaigh méid na n-achomharc le haghaidh Moltaí agus Breitheanna na gCoimisinéirí um Chearta a chur i bhfeidhm go 1 79 i 2009 ó 109 i 2008, sin méadú 70%.

Tá áthas orm a thuairisciú gur ardaigh méid na gcásanna a cuireadh de láimh i 2009 go 4,680, sin méadú 673 ós cionn 2008. Dháil an Roinn acmhainní soláthar foirne breise i 2009 don Rúnaíocht agus bhí tionchar díreach aige seo ar mhéid na gcásanna a chlois an Binse gach lá a mhéadú.

Is mór liom tacú na Roinne agus táim ag súil lena cuid tacaíochta leanúnach chun déileáil le ualach oibre an Bhinse atá ag dul i méid. Gabhaim buíochas le baill an Bhinse gur chabhraigh a thoilteanach is a bhíodar déileáil le cásanna breise ag na suíonna Bhinse cur de láimh a gcásanna a mhéadú.

Is é polasaí an Bhinse fóram insroichte, neamhchostasach, cothrom agus neamhfhoirmiúil a sholáthar chun réiteach d'fháil ar dhíospóidí cearta fostaíochta. Cé gur mhéadaigh an tréimhse feithimh bhliantúil don bhliain ó 16 seachtaine go 31 seachtaine i mBaile Átha Cliath, níor mhéadaigh sé ach ó 31 seachtain go 32 seachtain lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. In ainneoin an mhéadú seo, áfach, bhí an méadú ins na tréimhsí feithimh sa cheathrú deiridh de 2009 níos mó. Seo de bharr laghdú a dhéanamh ar mhéid na gcásanna nua liostáilte le linn cúpla mí deiridh na bliana faoi mar a bhí téarma reatha an Bhinse ag teacht chun deiridh. Bhí an laghdú seo mar bheart riachtanach chun deimhin a dhéanamh de gur críochnaíodh na héisteachtaí roimh dáta éagtha an téarma.

Tá an Binse mar bhall de Chumann Eorpa um Bhreitheamh an Chúirt Oibreachais. Soláthraíonn an eagraíocht seo fóram chun cur leis an ngaol oibre atá ann cheana féin idir eagraíochtaí cearta fostaíochta na hEorpa. Forbraíonn siad tuiscint níos mó, chomh maith, ar na cearta fostaíochta reachtúla atá tugtha d'oibrithe na hEorpa agus na córais éagsúla chun na cearta san a threisiú. Ghlac ionadaithe an Bhinse páirt i gcomhdháil a chomhordaigh an Chumann ar "Thionchar So-ghluaiseachta Oibrithe agus Fiontair ar Chearta Fostaíochta" i Meitheamh 2009 i Learpholl.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil don Aire Ó Céilleachair agus don Aire Mac Giolla Laoire as ucht a gcuid tacaíochta don mBinse i 2009. Cuireann an Binse fáilte roimh agus gabhann siad comhghairdeas leatsa a Aire Partlathán Ó Caoimh i gcás tú a bheith ceaptha mar Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Tá an Binse ag súil le do chuid tacaíochta ins an bhliain atá le teacht chun cabhrú leo déileáil lena n-ualach oibre méadaithe.

Buíochas an-speisialta do bhaill an Bhinse as ucht a gcuid dea-oibre le linn cúrsa an téarma atá díreach críochnaithe. Tá an-mheas ar do thiomantas agus ar do dhíograis i gcás obair an Bhinse. Bhí bhur gcuid chabhrach agus chomhairle mar acmhainn luachmhar domsa le linn do chuid ama leis an mBinse.

Focal speisialta buíochais le Dominic Mc Bride, Rúnaí an Bhinse, nach féidir tomhas a chur lena chuid tiomantas agus tacaíochta don mBinse. Tá an-mheas ar a chuid oibre. Gabhaim buíochas le foireann na Rúnaíochta as ucht a gcuid tacaíochta agus tiomantas leanúnach d'obair an Bhinse agus as ucht a gcuid chúirtéise, nár theip riamh air, d'úsáideoirí an Bhinse agus dá bhaill.

Is mise,

le meas,

Caitlín Ó. Ní Mhathúna

Kate T O'Mahony
Cathaoirleach

# AN DAICHEAD A DÓÚ TUAIRISC BHLIANTÚIL DE CHUID AN BHINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA DON BHLIAIN D'ÁR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2009

## RANNÓG 1

## Ráiteas Corparáideach agus Gníomhaíochtaí 2009

# Rannóg 1: Ráiteas Corparáideach agus Gníomhaíochtaí do 2009

## Réamhrá

Bhí an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967, a bhunaigh an Binse Achomhairc Iomarcaíochta, achtaithe ar an 18ú Nollaig 1967. Ag an am, mheas an Stáit gur rud nuálach é an Binse a chruthú, in aicme na gcearta fostaíochta. Bunaíodh é chun deimhin a dhéanamh de gur tugadh cumhacht do theideal reachtaíochta an fhostaí do iomarcaíocht, i dteannta le cosaint iomlán an dlí a fháil. Mar sin, bhunaigh an t-Acht fóram go bhféadfadh gnáth 'fear na sráide' éileamh a chur faoina bhráid go seasfaí leis na cearta sin. Lasmuigh dá chúram leanúnach éisteacht le h-achomhairc faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, inniu déileálann an Binse Achomhairc Fostaíochta, faoina theideal athbhreithnithe, le cásanna faoi seacht bpíosa reachtaíochta déag (féach ar an liosta thíos). Téann siad seo ó éilimh de bharr bhriseadh as post go héagórach go fógra íosta, i dteannta le héisteacht le h-achomhairc ó Bhreitheanna agus ó mholtaí Seirbhís Choimisinéir um Chearta de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.

Bhí an chéad cruinniú de chuid an chéad Bhinse Achomhairc Fostaíochta ar siúl ar an 22ú Márta 1968, faoi chaomhnóireacht agus faoi chosaint an chéad sé Bhall déag a bhí ceaptha don mBinse. Bhí an chéad cathaoirleach, Mr. John Gleeson, i gceannas ar an mBinse. D'éist sé lena chéad achomharc ar an 18ú Aibreán 1968. Shuigh an Binse seachtó-cúig (75) lá idir an dáta san agus an 31ú Nollaig 1968 agus d'éist said le aon chéad is a tríocha trí (133) achomharc ina iomlán. D'éisteadh le h-ochtó-trí (83) cinn de na hachomhairc san i mBaile Átha Cliath, agus d'éisteadh leis an caoga (50) achomharc eile ag ionaid éagsúla timpeall na tire. Bhí sé soiléir ón tús go mbeidh diminsean tíre agus, mar sin, náisiúnta ag an mBinse i gcás a chuid oibre. Daichead a dó bliain ar aghaidh, leanann an Binse Achomhairc Fostaíochta leis an obair a thosaigh 'Bunaitheoirí' an Bhinse. Bhí aon chéad is a seacht mBall déag (117) ag an mBinse i 2009 (féach ar Rannóg 2), i gcomparáid le sé bhall déag (16) ar thosach.

## Ár Ráiteas Misin

Mar a measadh i 1967, tá an Binse Achomhairc fostaíochta fós ina eagraíocht idirspleách a bunaíodh chun slí tapaigh, saor agus réasúnta foirmiúil a sholáthar chun breithniú a dhéanamh ar aighnis chearta fostaíochta faoi chorp na reachtaíochta a thagann laistigh de scóip an Bhinse. Is é ár n-aidhm leanúnach go mbeidh na custaiméirí a bhaineann úsáid as seirbhísí an Bhinse sásta go ginearálta leis an tseirbhís a bhfuaireadar ón mBinse.

Tá an Binse chomh dírithe inniu, is a bhí sé ar an lá a bunaíodh é, ar bhreithniú neamh-chlaonta a dhéanamh ar aighnis idir páirtithe.

### *Ár gcuid oibre*

Bunaíodh an Binse faoi Rannóg 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 agus, suas go 1977, glaodh an Binse Achomhairc Iomarcaíochta orthu. D'athraíodh ainm an Bhinse go dtí an Binse Achomhairc Fostaíochta i 1977 faoi Rannóg 18 den Acht um Dhífhostú Éagórach.

Bunaíodh an Binse ón tús chun breithniú a dhéanamh ar aighnis faoi iomarcaíocht idir fhostaithe agus fostóirí agus idir fhostaithe nó fostóirí agus an Aire Oibre (Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta anois) nó Oifigeach Breithiúnais. Leathnaíodh scóip an Bhinse thar na blianta agus, i dteannta le h-aighnis faoi na ***hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007***, déileálann sé le h-aighnis anois, faoin reachtaíocht seo a leanas, chomh maith:

- ***Achtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005;***
- ***Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007;***
- ***Achtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004;***
- ***Achtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 go 2004;***
- ***An tAcht um Íocaíocht Tuarastail 1991;***
- ***Achtanna um Théarmaí Fostaíochta (Eolas) 1994 agus 2001;***
- ***Achtanna um Scor Uchtála 1995 agus 2005;***
- ***An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996;***
- ***An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997;***
- ***Achtanna um Shaoire Tuismitheoirí 1998 agus 2006;***
- ***An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998;***
- ***Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaíochta) 2000;***
- ***Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaithe in Aistriú na nGnóthas), 2003;***
- ***An tAcht um Scor Cúramóra 2001;***
- ***An tAcht Iomaíochta 2002; agus***
- ***An tAcht Ceimiceán 2008.***

### *Comhdhéanamh an Bhinse 2009*

I 2009 bhí an binse déanta suas de Chathaoirleach, tríocha-sé Leas-Chathaoirleach agus painéal d'ochtó mball eile, le daichead ainmnithe ag Comhdháil Ceardchumann na hÉireann agus daichead eile ainmnithe ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí. Ceadaíonn an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979 ceapadh Leas-Chathaoirleach agus Baill breise ag aon am go bhfuil an t-Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta den dtuairim go bhfuil ceapacháin riachtanach chun gnó an Bhinse a sheoladh go tapaigh.

Gníomhaíonn an Binse i Ranna, le gach ceann acu déanta suas de Chathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach agus dhá bhall eile, duine acu tarraingthe isteach ó thaobh na bhfostóirí den bpainéal agus duine acu tarraingthe ó thaobh an cheardchumainn. Tá cumhacht uile an Chathaoirligh ag Leas-Chathaoirleach an Bhinse, nuair atá sé/sí ag gníomhú mar Chathaoirleach (ar iarratas an Aire nó an Chathaoirligh). Éistear le hachomhairc go poiblí murach go ndéanann an Binse a n-aigne suas go mbeadh an éisteacht ar siúl go príobháideach ar iarratas ó aon cheann den dá pháirtí.

Tá Ballraíocht reatha an Bhinse liostáilte i Rannóg 2.

### *An Rúnaíocht*

Tá an Rúnaíocht freagrach as riaradh na n-éileamh atá curtha faoi bhráid an Bhinse faoi reachtaíocht chearta fostaíochta éagsúil. Sé a ról ná tacaíocht riaracháin a thabhairt don mBinse ina cuid Breithniú ar aighnis idir fhostaithe agus fhostóirí.

Siad Státseirbhísigh atá fostaithe ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta atá ar fhoireann Rúnaíochta an Bhinse. Próiseálann oifigigh de chuid próiseas na rúnaíochta iarratais ón data go bhfaightear iad agus gníomhaíonn siad mar rúnaithe ag éisteachtaí. Ina theannta san, dréachtaíonn rúnaithe na Cinntí tar éis breithniú an Bhinse, chun go ndéanfadh an Binse iad a phlé. Cuireann an Rúnaíocht in iúl dos na páirtithe i gceist faoi Chinntí an Bhinse.

Is é t-Uas. Dominic McBride Rúnaí an Bhinse.

## Gníomhaíochtaí an Bhinse le linn 2009

### *Staitisticí 2009: Forbhreathnú*

Shuigh an Binse 1,437 uair ag 40 áit difriúla, le linn 2009. Astu seo, bhí 482 suíonna ar siúl i mBaile Átha Cliath, agus bhí 955 ar siúl i gceantair na gcúigí.

Bé méid iomlán na n-éileamh a cuireadh faoi bhráid an Bhinse go díreach, nó trí achomharc ó mholtaí agus ó Bhreitheanna Seirbhís Coimisinéir um Chearta, ná 9,458 i 2009. Chur an Binse 4,680 éileamh de láimh i rith na bliana.

Bé an tréimhse feithimh bhliantúil ar an meán chun cás a éisteacht ná tríocha-haon seachtain i mBaile Átha Cliath, agus tríocha-dó seachtain i gceantair na gcúigí ag deireadh na bliana.

Tá sonraí a bhaineann le hobair an Bhinse i 2009, agus na sonraí staitistiúla air a bhfuil an Tuairisc seo bunaithe imlínithe i ***Rannóg 3: Cásanna Curtha Faoi Bhráid agus Curtha de Láimh ag an mBinse i 2009*** agus i ***Rannóg 4: Staitisticí.***

## Seirbhísí gur thug an Binse aghaidh orthu le linn 2009

### *Seirbhís Chustaiméirí agus Cairt*

Tá an Binse dírithe ar sheirbhís custaiméirí de chaighdeán ard a sholáthar, agus seirbhís a sheachadadh atá éifeachtach agus tapaigh, agus atá soláthraithe go cúirtéiseach an t-am ar fad agus leis an mhoill is lú ann. Aithníonn an Binse an ceart ar éileamh atá ag gach páirtí. Tá cur síos ar na seirbhísí go léir atá a sholáthar ag an mBinse agus conas teacht orthu, na pointí teagmhála dóibh, foilseacháin chuí agus ceisteanna a iarrtar go minic le fáil ar an suíomh idirlín www.eatribunal.ie.

Tá leabh rán eolais ar an mBinse, i dteannta le ***Treoirlínte le haghaidh Cleachtóirí atá ag teacht ós comhair an Bhinse***, le fáil saor an aisce ó Rúnaíocht an Bhinse. Tá na leabhráin seo eisithe do gach páirtí atá gafa le h-aighnis faoi dhífhostú éagórach roimh na héisteachtaí. Thug an Binse an leabhrán deiridh suas chun dáta, i gcomhréir leis na moltaí atá leagtha amach ins an dTuairisc Deiridh de chuid an Ghrúpa Athbhreithnithe Inmheánach an Bhinse.

Coimeádann an Binse Rolla dá Bhreitheanna agus dá Chinntí go léir. Tá an Rolla oscailte le haghaidh iniúchta, saor in aisce, ó aon bhall den bpobal le linn gnáth uaireanta cloig ghnó ag Oifig na Rúnaíochta, An Binse Achomhairc Fostaíochta, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Tá Cinntí le fáil, chomh maith, ar shuíomh idirlín an Bhinse i gcomhréir le forálacha Achtanna um Chosaint Son raí.

Is é ár n-aidhm go mbeidh na custaiméirí go léir sásta le leibhéal na seirbhíse a bhfaigheann siad ón mBinse. D'fhéadfaí ráitis a chur chuig Bainisteoir Seirbhís Custaiméirí an Bhinse, An Binse Achomhairc Fostaíochta, Teach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, nó trí ríomhphost go: eat@deti.ie. Tá cárta ráitis ar líne le fail, chomh maith, ar shuíomh idirlín an Bhinse.

Tá an Binse dírithe ar leibhéal ard seirbhís chustaiméirí a chothabháil.

### *Teicneolaíocht Eolais: Suíomh Idirlín BAF agus seirbhísí ar líne BAF i 2009*

Bhí 3.1m cuairt ar an suíomh idirlín i 2009, a thugann méid iomlán na gcuairteanna suas go timpeall 7.3m cuairt ón lá a sheoladh é ar an 3ú Aibreán.

Leanann an Binse ag forbairt a áiseanna suíomh idirlín i gcomhréir leis na Straitéisí eRialtais.

### *An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997*

Ní chlúdóidh an t-Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (leasú), ach feidhmeanna riaracháin an Bhinse nuair a chuirtear i bhfeidhm é don mBinse. Leanfar ag tabhairt cosaint do gach eolas pearsanta mar atá sé sonraithe ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

### *Cumann na h-Eorpa de Bhreithimh na Cúirte Oibreachais*

Tugann an Binse isteach agus leanann sé ag cur leis an ngaol oibre atá ann cheana féin idir é, agus cleachtóirí dlí fostaíochta na hEorpa. Do fhreastal ionadaithe ón mBinse ar chomhdháil bhliantúil de chuid Chumann na hEorpa de Bhreithimh na Cúirte Oibreachais i 2009. Bhí an Chomhdháil ar siúl i Learpholl, ar an 26ú agus ar an 27ú Meitheamh 2008.

### *"Cuairteanna Eolais go dtí BAF"*

Bíonn éisteachtaí an Bhinse ar siúl go poiblí. Tá fáilte roimh baill an Phobail freastal ar aon éisteacht. Ina theannta san, ní rud as an ngnáth é mic léinn ag tabhairt cuairt ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta, nó eolas a lorg faoi ról agus faoi oibríocht an Bhinse. Cé go bhféadfadh achainí dá leithéid a bheith curtha go foirmiúil os comhair na Rúnaíochta, ní rud as an gnáth é do ghrúpaí beaga mac léinn teacht i láthair aon lá agus suí isteach ag éisteacht.

Cuireann an Binse fáilte roimh cuairteanna agus ath-chuairteanna ó mhic léinn agus ó fhorais éagsúla oideachais, cuairteanna ó ghrúpaí na hearnála deonaí, agus, go háirithe, grúpaí ó Ionaid Eolas na Saoránach, agus ó ghrúpaí dlí an phobail.

# AN DAICHEAD A DÓÚ TUAIRISC BHLIANTÚIL DE CHUID AN BHINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2009

## RANNÓG 2

## Ballraíocht an Bhinse

# Rannóg 2: Ballraíocht an Bhinse 2009

| | |
|---|---|
| ***Cathaoirleach***: | Kate T. O'Mahony, Abhcóide |
| ***Leas Chathaoirligh***: | Sinead Behan, Abhcóide |
| | Olive Brennan, Abhcóide |
| | Kieran Buckley, Dlíodóir |
| | David Cagney, Abhcóide |
| | Pamela Clancy, Dlíodóir |
| | Emile Daly, Abhcóide |
| | John Fahy, Abhcóide |
| | James Flanagan, Abhcóide |
| | William Benedict Garvey, Abhcóide |
| | Myles Gilvarry, Dlíodóir |
| | Clodagh Gleeson, Abhcóide |
| | Bernadette Glynn, Dlíodóir |
| | Dara Hayes, Abhcóide |
| | Patrick Hurley, Dlíodóir |
| | Elva Kearney, Abhcóide |
| | Margaret Levey, Abhcóide |
| | Dermot MacCarthy, Abhcóide Sinsearach |
| | Desmond Mahon, Abhcóide |
| | Sean Mahon, Dlíodóir |
| | Mary McAveety, Dlíodóir |
| | Penelope McGrath, Abhcóide |
| | Saundra McNally, Dlíodóir |
| | Eamonn Murray, Dlíodóir |
| | Niamh O'Carroll Kelly, Abhcóide |
| | Leachlain S. Ó Catháin, Dlíodóir |
| | Mark O'Connell, Abhcóide |
| | Jeremiah O'Connor, Dlíodóir |
| | Rachel O'Flynn, Abhcóide |

Peter J. O'Leary, Abhcóide

Seán O'Riordáin, Abhcóide

Marian Petty, Dlíodóir

Moya Quinlan, Dlíodóir

Pat Quinn, Abhcóide

Tom Ryan, Dlíodóir

Jeremiah Sheedy, Dlíodóir

Tony Taaffe, Dlíodóir

***Painéal Fostóirí*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Joe Browne | Pat Casey | Frank Cunneen | T.P. Flood |
| Michael Forde | Angela Gaule | Tom Gill | James Goulding |
| Eamon C Handley | Don Hegarty | James Hennessy | John Horan |
| Ben Kealy | Mel Kennedy | J J Killian | Gerry McAuliffe |
| Cyril McHugh | Finbar Moloney | Don Moore | Desmond Morrison |
| Michael J Murphy | Roger F Murphy | Michael Noone | William O'Carroll |
| Aidan O'Mara | James O'Neill | Neil Ormond | Tadg O'Sullivan |
| Gerry Phelan | Pat Pierce | Peter J Pierson | William Power |
| Robert D.E. Prole | Jim Redmond | John Reid | Eamonn Ryan |
| Máire Sweeney | Liam Tobin | Declan F Winston | Jean Winters |

***Painéal Fostaithe*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Frank Barry | Eveta Brezina | Nick Broughall | Al Butler |
| Brendan Byrne | Catherine Byrne | Paul Clarke | Anne Clune |
| James Dorney | Patsy Doyle | Mary Finnerty | Kay Garvey |
| Noirin Greene | Helen Henry | George Hunter | Hilary Kelleher |
| Tony Kennelly | Rosabel Kerrigan | George Lamon | Joe LeCumbre |
| Sean Mackell | Joe Maher | Mary Maher | Peter McAleer |
| John McDonnell | Dominic McEvoy | Michael McGarry | Bernard McKenna |
| Alice Moore | Jim Moore | Maire Mulcahy | Owen Nulty |
| Phil Ni Sheaghdha | Kevin O'Connor | Seamus O'Donnell | Ciaran Ryan |
| Patrick Trehy | Catherine Warnock | Gerry Whyte | Paddy Woods |

***Rúnaí*:** Dominic McBride

# AN DAICHEAD A DÓÚ TUAIRISC BHLIANTÚIL DE CHUID AN BHINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA 31Ú NOLLAIG 2009

## RANNÓG 3

## Cásanna Curtha Faoi Bhráid agus Curtha de Láimh ag an mBinse i 2009

### *Cásanna Curtha Faoi Bhráid an Bhinse i 2008 agus i 2009*

| Reachtaíocht | 2008 | 2009 |
|---|---|---|
| | **Uimh.** | **Uimh.** |
| Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967–2007 | 1,407 | 3,008 |
| Achtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973–2005 | 1,485 | 2,324 |
| Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977–2007 (*Tá 178 Achomharc i gcoinne Mholadh Choimisinéir um Chearta agus 63 Éileamh Forfheidhmithe san áireamh ins an bhfigiúr seo) | 1,538 | 2,489* |
| Achtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984–2004 | – | 11 |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 | 619 | 1,059 |
| Achtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004 (Achomhairc i gcoinne Breitheanna Choimisinéir um Chearta) | 2 | 6 |
| An tAcht um Íocaíochta Tuarastail 1991 (Achomhairc i gcoinne Breitheanna Coimisinéirí um Chearta) | 196 | 257 |
| Achtanna um Théarmaí Fostaíochta (Eolas) 1994 agus 2001 (**Tá 164 Achomharc i gcoinne mholtaí Choimisinéir um Chearta & 113 Éileamh Forfheidhmithe san áireamh ins an bhfigiúr seo) | 186 | 277** |
| An tAcht um Shaoire Tuismitheoirí 1998 agus 2006 (Achomhairc i gcoinne Breitheanna Choimisinéir um Chearta) | – | 3 |
| An tAcht um Scor Cúramóra 2001 (Achomhairc i gcoinne Breitheanna Choimisinéir um Chearta) | – | 2 |
| Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaithe in Aistriú na n-Gnóthas), 2003 (***Tá 19 Achomharc i gcoinne Breitheanna Choimisinéir um Chearta & 3 Éileamh Forfheidhmithe san áireamh ins an bhfigiúr seo) | 23 | 22*** |
| An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996 (Achomhairc i gcoinne Mholtaí Choimisinéir um Chearta) | 1 | – |
| ***IOMLÁN*** | ***5,457*** | ***9,458*** |

## Cásanna curtha faoi bhráid an Bhinse i 2008 agus i 2009




ÍI= Iomarcaíocht, FÍ=Fógra Íosta, DÉ=Dífhostú Éagórach, D=Dócmhainneacht, AO=Am Oibre, M=Máithreachais, ÍT = Íocaíocht Tuarastail, TF=Téarmaí Fostaíochta, ST=Saoire Tuismitheoirí, SC=Scor Cúramóra, AG=Aistriú na n-Gnóthas, DÓ=Daoine Óga.

## Cásanna curtha faoi bhráid an Bhinse i 2008




## Cásanna curtha faoi bhráid an Bhinse i 2009



## Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007

Tá fostaí intofa, faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 2003, i dteideal íocaíocht iomarcaíochta dhá sheachtain a fháil le haghaidh gach bliain seirbhíse i dteannta le seachtain bónais.
Bhí an chuid is mó des na héilimh gur chuir an Binse de láimh faoi na hAchtanna seo mar éilimh ó fhostaithe d'íocaíochtaí iomarcaíochta de bharr gur briseadh as a bpost iad de bharr iomarcaíochta. Baineann aicmí aighneas eile le ceisteanna faoi an raibh an fhostaíocht mhalartach a bhí á thairiscint oiriúnach; comhlachtaí gaolmhara; athrú úinéireachta na trádála nó an ghnó; leanúnachas na fostaíochta; leagan as agus gearr am agus cur le céile méid na gcnapshuime agus gnáth luach saothair na seachtaine.

Cuireadh ***3,008*** éileamh faoi bhráid an Bhinse i 2009.

As an ***1,420*** éileamh gur cuireadh de láimh ceadaíodh ***618***, níor ceadaíodh ***203***, tarraingíodh siar ***101*** le linn na héisteachta agus tarraingíodh siar ***498*** roimh na héisteachta.

## Achtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005

Leasaíodh na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 2001, i 2003, chun éilimh do theidil fógra reachtúil a cheadú, sa chás go bhfuil an fostóir dócmhainneach, agus é le bheith déanta díreach chuig Aonad na n-Íocaíochtaí Dócmhainneacha de chuid An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta anois), le haghaidh íocaíochta ón gCiste Árachais Sóisialta, gan úsáid a bhaint as an mBinse. Leathnaíonn an t-Acht um Rialú Státseirbhís (Leasú) 2005 forálacha an Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta go státseirbhísigh ón 4ú Iúil 2006.

Cuireadh ***2,324*** éileamh de láimh an Bhinse i 2009.

As an ***1,274*** éileamh gur cuireadh de láimh faoi na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, ceadaíodh ***423***, níor ceadaíodh ***279***, tarraingíodh siar ***188*** le linn na héisteachta agus tarraingíodh siar ***384*** roimh na héisteachta.

## Achtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007

Bhí an t-Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 mar dul chun cinn mór i ndlí fostaíochta na hÉireann. Soláthraíonn sé leasúcháin do fhostaithe a mheasann an Binse gur briseadh as a bpost iad go héagórach. Siad na leasúcháin faoin Acht ná: aischur, ath-pháirtíocht nó cúiteamh suas go uasmhéid 104 seachtaine pá. D' fhéadfaí tús a chur le héilimh do bhriseadh as post go héagórach leis an mBinse nó le Coimisinéir um Chearta. Níl cead éileamh faoin Acht seo a bheith tógtha chuig an Binse ach amháin sa chás má dhéanann ceann des na páirtithe gearán i scríbhinn don Choimisinéir um Chearta atá ag éisteacht leis an éileamh.

Tá na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach i gceist don gcuid is mó des na státseirbhísigh anois. Chuir an t-Acht um Rialú Státseirbhís (Leasú) 2005 deireadh leis an eisiamh ós na hAchtanna i gcás an chuid is mó des na (bh)fostaithe stáit agus bhí na rannóga cuí i bhfeidhm ón 4ú Iúil 2006.

Nuair atá tús curtha le héileamh do dhífhostú éagórach le Coimisinéir um Chearta d'fhéadfadh aon cheann den dá pháirtí achomharc a thógáil i gcoinne Mholadh Coimisinéir um Chearta don mBinse laistigh de sé seachtaine ón dáta gur cuireadh an Moladh in iúl dos na páirtithe i gceist.

## Toradh na nÉileamh agus na nAchomharc faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach

Tháinig ***2,489*** cás ós comhair an Binse le linn 2009. Tá ***2,248*** éileamh dhíreacha, ***178*** achomharc a fuarthas ós na Coimisinéirí um Chearta agus ***63*** éileamh forfheidhmithe sa chás nár baineadh amach Moltaí na gCoimisinéirí um Chearta san áireamh sa bhfigiúr seo.

### *Achomhairc do Dhífhostú Éagórach 2009*




Cuireadh ***1,182*** éileamh de láimh i 2009. Tá ***1,055*** éileamh díreacha, ***94*** ó achomhairc chuig na Coimisinéirí um Chearta agus ***33*** éileamh forfheidhmithe san áireamh sa bhfigiúr seo.

### *Éilimh do Dhífhostú Éagórach a Cuireadh de Láimh 2009*




Tá miondealú na n-éileamh a cuireadh de láimh mar seo a leanas:

As an ***1,055*** éileamh a cuireadh de láimh, ceadaíodh ***200***, níor ceadaíodh ***254***, tarraingíodh siar ***231*** le linn na héisteachta agus tarraingíodh ***370*** siar roimh na héisteachta.

As an ***94*** achomharc a cuireadh de láimh, seasadh le ***30***, eitíodh ***20***, d'athraíodh ***10*** agus tarraingíodh siar ***34*** le linn nó roimh na héisteachta.

As an ***33*** éileamh le haghaidh fhorfheidhmithe a cuireadh de láimh, seasadh le ***19***.

### *Réitigh*

Bhronn an Binse cúiteamh ***€3,039,792*** i ***217*** cás. Bé meán an chúitimh a bhronn an Binse ná ***€14,008***. D'ordaíodh aischur i ***5*** cás agus d'ordaíodh ath-pháirtíocht i ***6*** cás. Tá dáileadh an chúitimh gur bhronn an Bhinse léirithe in Aguisín 2.

## Achtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004

Caithfidh aighnis a bhaineann le teidil faoin Acht a bheith tugtha go Coimisinéir um Chearta ar an gcéad dul síos agus don Bhinse ansin trí achomharc i gcoinne Mholadh Choimisinéir um Chearta.

Cuireadh ***6*** achomharc faoi bhráid i 2009 agus sheas an Binse le achomharc amháin a cuireadh faoina bhráid.

## Achtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2004

Tá cosaint mhór tugtha faoin Acht 1984 mar a leasaíodh é do theidil airgeadais na bhfostaithe a chailleann a bpoist de bharr dócmhainneacht a bhfostóirí. Bíonn éilimh faoin Acht leasaithe i bhfoirm gearán i gcoinne Bhreitheanna an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta éileamh iomlán, nó cuid de, a dhiúltú, le haghaidh íocaíochta maidir le riaráistí pá, riaráistí pá breoiteachta, riaráistí pá saoire nó ranníocaíochtaí neamh-dhíolta i gcás scéimeanna pinsin gairme. Nuair atá mí-chinnteacht i gceist faoi an bhfuil, nó nach bhfuil, éileamh incheadaithe, d'fhéadfadh an t-Aire an t-éileamh a chur faoi bhráid an Bhinse chun Breith a dhéanamh. Tá éilimh dá leithéid díolta amach as Ciste an Árachais Sóisialta.

Leathnaigh Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí)) 2005, I.R.630 de 2005 Scéim na n-Íocaíochtaí Iomarcaíochta chun go mbeadh gach duais a bhronn an Bhinse[1] san áireamh ann. Leathnaíonn an ionstraim reachtúil seo amach clúdach, chomh maith, d'fhostaithe atá fostaithe in Éirinn ag fostóir a bhí dócmhainneach faoi dlite, faoi rialacháin agus faoi nóis imeachta riaracháin ball stáit eile.

***11*** achomhairc a cuireadh faoi bhráid an Bhinse i 2009.

## An tAcht um Íocaíocht Tuarastal, 1991

Bunaíonn an t-Acht réimse cearta d'fhostaithe a bhaineann lena dtuarastal a íoc: ceart do mhodh íocaíochta tuarastail intráchta, ceart do ráiteas scríofa den dtuarastal agus des na hasbhaintí, agus cosaint i gcoinne asbhaintí mí-dhleathacha ón dtuarastal. Ceadaíonn an t-Acht achomharc a dhéanamh don mBinse i gcoinne Bhreith Choimisinéir um Chearta i gcás gearáin maidir le asbhaintí mí-dhleathacha ón dtuarastal.

Cuireadh ***257*** achomharc faoi bhráid an Bhinse i 2009. As an ***169*** achomharc gur chuir an Binse de láimh, seasadh le ***65***, eitíodh ***9***, d'athríodh ***7*** agus tarraingíodh siar ***88***.

## Achtanna um Théarmaí Fostaíochta (Eolas), 1994 agus 2001

Sé cúis phríomha an Achta seo ná dualgas a chur ar fhostóirí ráiteas scríofa a sholáthar do fhostaithe a leagann amach nithe áirithe de théarmaí fostaíochta na bhfostaithe.

Caithfidh aighneas faoin Acht bheith tugtha ós chomhair Choimisinéir um Chearta ar dtúis. Ansin, d'fhéadfaí é a thógáil ós comhair an Bhinse trí achomharc i gcoinne Mholadh Choimisinéir um Chearta faoin rud.

Cuireadh ***277*** achomharc agus éileamh faoi bhráid an Bhinse i 2009.

As an ***109*** gcás gur chuir an Binse de láimh, seasadh le ***42***, eitíodh ***3***, d'athraíodh ***8***, agus tarraingíodh siar ***56***.

As an ***46*** éileamh d'fhorfheidhmithe seasadh le ***33***, eitíodh ***2*** agus tarraingíodh siar ***11***.

## Achtanna um Scor Uchtála, 1995 agus 2005

Sé an chúis atá leis an Acht seo ná teideal a thabhairt do fhostaithe baineann, agus i gcásanna áirithe, fostaithe fireann, do scor fostaíochta do chúiseanna leanbh a uchtú. Caithfidh aighneas faoin Acht bheith tugtha ós comhair Choimisinéir um Chearta ar dtúis. D'fhéadfaí achomharc a

1. Tá duaiseanna a bhronn an Binse faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta díolta amach as Chiste an Árachais Sóisialta, chomh maith.

thógáil ina choinne ansin chuig an mBinse trí achomharc i gcoinne Bhreith an Choimisinéir um Chearta atá ag déileáil leis.

Ní raibh aon achomharc chuig an mBinse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009.

## An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996

Ceadaíonn an t-Acht seo go bhféadfadh tuismitheoir nó caomhnóir linbh nó duine óg gearán a chur os comhair Choimisinéir um Chearta gur bhris fostóir rannóg 13 (rátaí reatha pá agus coinníollacha a chaomhnú) nó rannóg 17 (diúltú comhoibriú leis an bhfostóir i dtaobh an Acht a bhriseadh). D'fhéadfadh fostóir nó fostaí achomharc a thógáil chuig an mBinse ó Mholadh Coimisinéir um Chearta

Ní raibh aon achomharc chuig an mBinse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009.

## An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Ceadaíonn Rannóg 39 den Acht um Eagrú Ama Oibre réiteach ar dheacrachtaí a thángthas orthu i gcás Bhreitheanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus eagraíochtaí sonracha eile a chur i bhfeidhm faoin reachtaíocht atá riartha acu sa chás go bhfuil sonraí a bhaineann le fostóir leagtha amach mícheart i mBreith an Bhinse. Ceadaíonn Rannóg 39 do fhostaí, sa chás go bhfuil fostóir ainmnithe mí-cheart ós chomhair an Bhinse, iarratas le haghaidh scor a dhéanamh chun tús a chur le himeachtaí i gcoinne an fhostóra molta in ainneoin go mbeadh an tréimhse ama d'éilimh dá leithéid a chur i bhfeidhm thart. Ceadaíonn Rannóg 40 do fhostaí nó dá c(h)eardchumann gearán saoire a bheith san áireamh i dteannta le haon imeachtaí atá á thógáil chuig an mBinse maidir le haon reachtaíocht atá ag teacht laistigh dá scóip.

Cuireadh ***1059*** éileamh faoi bhráid an Bhinse i 2009. As an ***479*** cás gur chuir an Binse de láimh, ceadaíodh ***103***, níor cheadaíodh ***100***, tarraingíodh siar ***121*** le linn na héisteachta agus tarraingíodh siar ***155*** roimh na héisteachta.

## An tAcht um Shaoire Tuismitheoirí, 1998 agus 2006

Bhí an tAcht um Shaoire Tuismitheoirí, 1998 i bhfeidhm ar an 3ú Nollaig 1998. Ceadaíonn an t-Acht teideal d'fhir agus do mhná úsáid a bhaint as saoire gan phá ón bhfostaíocht chun caoi a thabhairt dóibh aire a thabhairt dá gcuid leanaí óga, agus do shaoire teoranta le pá (scor force majeure) chun caoi a thabhairt d'fhostaithe déileáil le éigeandála clanna de bharr gortú nó breoiteacht ag baill áirithe den gclann.

Tá fostaithe agus fostóirí i dteideal aighneas maidir le teideal faoin Acht a chur faoi bhráid Choimisinéir um Chearta. Chaithfeadh tagairt do Choimisinéir um Chearta a bhaineann le h-aighneas faoin Acht a bheith déanta i scríbhinn laistigh de 6 mhí ón am a tharla an t-aighneas. Déileáiltear le h-aighnis a bhaineann le fostaí a bhriseadh as a phost, áfach, faoi forálacha na n-Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2001.

Bhí ***3*** achomhairc chuig an mBinse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009.

## An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

Sé an chúis atá leis an Acht seo ná cosaint a thabhairt ó phionós ó fhostóirí do dhaoine a thuairisceoidh drochúsáid leanaí "go réasúnta agus go gcreideann siad go bhfuil sé sin fíor" le hoifigigh ainmnithe chuige sin nó le h-aon bhall den Garda Síochána. Tá an bóthar sásaimh do

dhuine dá leithéid déanta trí ghearán le Coimisinéir um Chearta. Tá foráil ann, chomh maith, d'achomharc ó Choimisinéir um Chearta ó aon pháirtí don mBinse Achomhairc Fostaíochta. Bhí an t-Acht i bhfeidhm ón 23ú Eanáir 1999.

Ní raibh aon achomharc chuig an Binse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009.

## Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaíochta), 2000

Athraíonn na Rialacháin seo an t-Acht um Chosaint Fostaithe 1977, chun éascú a dhéanamh ar ionadaíocht, agus comhairliú le fostaithe nuair nach bhfuil ceardchumann, comhchaidreamh foirne nó eagraíocht go mbeifí ag súil leis i láthair; ceart gearáin a bheith ann do Choimisinéir um Chearta sa chás go mbriseann fostóir rannóg 9 nó 10 (eolas agus comhairliú na bhfostaithe) agus ceadú do mhéadaithe i leibhéal na bhfíneálacha le haghaidh chionta.

Tá foráil ann achomharc a dhéanamh don mBinse i gcoinne Bhreith Choimisinéir um Chearta laistigh de sé seachtaine ón data gur cuireadh an Breith in iúl dos na páirtithe. Sa chás nár cuireadh Breith Choimisinéir um Chearta i bhfeidhm d'fhéadfadh cás forfheidhmithe a bheith curtha faoi bhráid an Bhinse tar éis na tréimhse sé-seachtaine.

Ní raibh aon achomharc don mBinse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009.

## Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaithe In Aistriú Na nGnóthas), 2003

Thángadar seo i bhfeidhm ar an 11ú Aibreán 2003. Tarraingíonn siad siar agus tógann siad áit Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cearta Fostaithe a Chaomhnú in Aistriú na nGnóthas), 1980, agus Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cearta Fostaithe a Chaomhnú in Aistriú na nGnóthas) (Leasú) 2000. Ceadaíonn siad ionadaíocht a dhéanamh air, agus comhairliú le fostaithe nuair nach bhfuil ceardchumann i láthair nó eagraíocht go mbeifí ag súil leis. Ceadaíonn siad ceart gearáin, chomh maith, le Coimisinéir um Chearta sa chás go mbriseann fostóir Rialachán 8 (an fhoráil eolais agus comhairlithe) agus ceadaíonn siad méadaithe i leibhéal na bhfíneálacha le haghaidh chionta.

Tá foráil ann achomharc a thógáil don mBinse i gcoinne Bhreith Coimisinéir um Chearta laistigh de sé seachtaine ón data gur cuireadh an Breith in iúl dos na páirtithe. Sa chás nár cuireadh Breith nó Cinneadh Choimisinéir um Chearta de chuid an Bhinse i bhfeidhm d'fhéadfaí éileamh forfheidhmithe a dhéanamh tar éis an tréimhse sé-seachtaine.

Cuireadh ***22*** achomharc faoi bhráid an Bhinse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009 i dteannta le ***3*** cinn de chur i bhfeidhm.

## An tAcht um Shaoire Chúramóra, 2001

Ceadaíonn an t-Acht do fhostaithe úsáid a bhaint as scor cúramóra neamh-dhíolta óna bhfostaíocht chun an chaoi a bheith acu aire phearsanta a thabhairt do dhaoine go raibh teastas faighte acu ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go bhfuil cúram agus aire lán-aimsire ag teastáil uathu.

D'fhéadfadh achomharc a bheith tógtha chuig an mBinse i gcoinne Bhreith Choimisinéir um Chearta laistigh de 4 seachtaine ón dáta gur cuireadh an Bhreith in iúl dos na páirtithe. D'fhéadfadh an teorainn ama seo a bheith leathnaithe go tréimhse bhreise nach bhfuil níos mó ná sé seachtaine má mheasann an Binse go bhfuil sé réasúnta é a dhéanamh agus ag tabhairt aird ar na coinníollacha go léir.

Bhí ***2*** achomharc don mBinse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009.

## An tAcht Iomaíochta, 2002

Chomhdhlúthaigh an t-Acht Iomaíochta, 2002 an reachtaíocht reatha iomaíochta agus cumaisc. Tugann Rannóg 50 (3) den Acht cosaint do fhostaí, ó phionós ón bhfostóir, sa chás go dtuairiscíonn fostaí briseadh an Achta go réasúnta agus go gcreideann siad go bhfuil san amhlaidh. Leagann Sceideal 3 den Acht amach bealach sásaimh, déanta trí ghearán le Coimisinéir um Chearta agus luíonn achomharc leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Ní raibh aon achomharc don mBinse le linn na bliana d'ár críoch 31ú Nollaig 2009.

## An tAcht Ceimiceán, 2008

Tugann rannóg 26 den Acht seo cosaint d'fhostaithe ó phionós de bharr gur thugadar tuairisc faoi shárú an Achta.

Ní raibh aon achomhairc don mBinse le linn na bliana dár críoch 31ú Nollaig 2009.

## Tréimhse Feitheamh ar an meán le hAghaidh Chásanna Teacht chun Éisteachta

Sé an tréimhse feithimh ar an meán cás teacht chun éisteachta ós comhair an Bhinse ná timpeall ***31*** seachtaine i mBaile Átha Cliath agus ***32*** seachtaine i gceantair cúigeacha.

## Achomhairc chuig an Ard Chúirt

D'fhéadfadh achomharc a bheith tugtha i gcoinne chinntí an Bhinse, faoi Achtanna áirithe, ar phointe dlí don Ard Chúirt agus d'fhéadfadh sé teacht ós comhair na h-Ard Chúirte trí Athbhreithniú Breithiúnach.

I 2009, bhí ***10*** gcás mar seo curtha leis an t-Ard Chúirt.

## Achomhairc chuig Cúirteanna Cuarda

D'fhéadfadh achomharc a bheith tógtha chuig an Chúirt Chuarda i gcoinne chinntí an Bhinse i gcásanna faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach laistigh de sé seachtaine ón dáta gur cuireadh na Cinntí in iúl dos na páirtithe. Tá an nós imeachta le haghaidh achomharc a thógáil i gcoinne Cinntí an Bhinse leagtha amach i Rialacha na Cúirte Cuarda (www.courts.ie). Soláthraíonn na rialacháin slí, chomh maith, a chur in iúl don mBinse faoi tharchur agus toradh achomharc na gcásanna chuig an Chúirt Chuarda.

Bhí achomharc i gcoinne ***81*** cás, go h-achomair, don gCúirt Chuarda. Ón eolas teoranta a fuarthas ó Oifigí na Cúirte Cuarda, cuireadh ***5*** ar ath-ló, bhí ***14*** ag feitheamh, caitheadh amach ***7***, seasadh le ***2*** agus tarraingíodh siar ceann amháin. Níl aon eolas ar fáil maidir leis an ***52*** cás atá fágtha.

## Méid Uair a Shuigh an Binse

Shuigh Ranna an Bhinse ***228*** lá ag ***40*** láthair dhifriúil mórthimpeall na tíre le linn na bliana faoi athbhreithniú. Shuigh ***7*** Roinn ón mBinse nó níos mó i ***108*** de na laethanta seo ***agus bhí 756 suíonna mar thoradh air***. Bé méid iomlán na suíonna ná ***1,437*** (***482*** i mBaile Átha Cliath agus ***955*** ins na Cúigí. Bhí méid na suíonna i ngach láthair éagsúil ó suí amháin ag roinnt láthair ins na Cúigí go ***482*** i mBaile Átha Cliath. Tá sonraí ar na láthair agus méid na suíonna ag gach láthair léirithe in Aguisín 3(A). Tá sonraí de shuíonna an Bhinse i 2009 léirithe in Aguisín 3(B).

## Méid Curtha Siar

Tá cásanna leagtha síos le haghaidh éisteachta agus na dátaí curtha in iúl dos na páirtithe a cúig go sé seachtaine roimh an am seo ar an meán. Ní bheidh cur siar ceadaithe ach amháin má tá coinníollacha eisceachtúla i gceist. Má lorgaítear cur siar láithreach nó laistigh de 5 laethanta oibre ón lá a fuarthas fógra na héisteachta agus má tá ceadú an pháirtí eile faighte, d'fhéadfadh sé a bheith ceadaithe. Má lorgaítear cur siar níos déanaí agus/nó gan cead an pháirtí eile sé is dóichí nach mbeidh sé ceadaithe. Deineann an córas leagtha síos seo, atá deartha go háirithe d'áis na bpáirtithe, roinnt iarratas le haghaidh cur siar dosheachanta. Bíonn caillteanas am suite sceidealta an Bhinse mar thoradh ar chur siar go gcuirtear isteach air ró-chóngarach d'am suite an Bhinse. Cuireann an chailliúint ama seo isteach go diúltach ar an gcóras leagtha síos, méadaíonn sé na costais, bíonn breis moille mar thoradh air idir dáta tarchuir an éilimh agus dáta éisteachta na n-éilitheoirí go léir.

I 2009, bé méid iomlán na n-iarratas de chur siar ná ***448*** agus ceadaíodh ***306*** agus diúltaíodh ***142***. Cailleadh ***89*** lá suite na Ranna de bharr cur siar i 2009.

## Iarratais le haghaidh Léirmhínitheoirí

Soláthraíonn an Binse seirbhís léirmhínitheoir teanga. Caithfidh iarratas do léirmhínitheoir a bheith déanta roimh suí Ranna an Bhinse.

Cheadaigh an Binse ***184*** iarratas do Léirmhínitheoirí a bheith i láthair ag an éisteacht le linn 2009.

## Insroichteacht

Tógfaidh an Binse, ar iarratas, gach céim praiticiúil chun áiseanna speisialta a sholáthar do dhuine atá i láthair ag éisteacht le míchumas nó riachtanais speisialta eile air/uirthi.

## Ionadaíocht ag Éisteachtaí

D'fhéadfadh páirtí d'iarratas a bheith i láthair agus a bheith cloiste agus é/í i láthair nó ionadaíocht déanta air/uirthi ag abhcóide nó ag dlíodóir nó ag ionadaí ceardchumann nó ag comhchaidreamh fostóra, nó le cead an Bhinse, ag aon duine eile. D'fhéadfadh aon pháirtí i gcás ionadaí amháin, nó níos mó, a bheith aige/aici ag gníomhú ar a s(h)on.

Tá sonraí na n-ionadaíochta faoi na hAchtanna éagsúla nó faoi mheascán d'Achtanna i 2009 mar seo a leanas:

- Bhí ionadaíocht déanta ar ***1,447*** fostaí (***318*** ag ceardchumainn, ***828*** ag ionadaithe dlí agus ***301*** ag daoine eile)
- Bhí ionadaíocht déanta ar ***892*** fostóir (***92*** ag comhchaidrimh fostóirí, ***626*** ag ionadaithe dlí agus ***174*** ag daoine eile)

### *Ionadaíocht faoi na hAchtanna Éagúsla i 2009*




Tá Ionadaíocht i leith cásanna do Dhífhostú Éagórach mar seo a leanas:

- Déanadh ionadaíocht ar ***794*** páirtí fostaithe (***100*** ag ceardchumainn, ***593*** ag ionadaithe dlí agus ***101*** ag daoine eile).
- Bhí ionadaíocht déanta ar ***629*** páirtí fostóra (***70*** ag comhchaidreamh fostóirí, ***455*** ag ionadaithe dlíthiúla agus ***104*** ag daoine eile).

### *Ionadaíocht faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach i 2009*




Kate T. O'Mahony
Cathaoirleach

# AN DAICHEAD A DÓÚ TUAIRISC BHLIANTÚIL DE CHUID AN BHINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2009

## RANNÓG 4

## Staitisticí

# AGUISÍNÍ

| | |
|---|---|
| AGUISÍN 1(A) | Achoimre ar na h-Éilimh Curtha Faoi Bhráid an Bhinse i 2009 agus Toradh na n-Éileamh Curtha de Láimh i 2009. |
| AGUISÍN 1(B) | Achoimre ar na h-Éilimh i gcoinne Mholtaí Coimisinéirí um Chearta Curtha Faoi Bhráid an Bhinse i 2009 agus Toradh na n-Éileamh curtha de láimh i 2009. |
| AGUISÍN 1(C) | Achoimre ar na héilimh le haghaidh cur i bhfeidhm Curtha Faoi Bhráid agus Curtha de Láimh i 2009 sa chás nár cuireadh Moltaí Coimisinéirí um Chearta i bhfeidhm. |
| AGUISÍN 1(D) | Toradh Choimre na n-Achomhairc go léir i gcoinne Mholtaí Coimisinéirí um Chearta, agus ar éilimh le haghaidh cur i bhfeidhm sa chás nár cuireadh moltaí Coimisinéirí um Chearta le linn 2009 i bhfeidhm. |
| AGUISÍN 1(E) | Tréimhse feithimh ar an meán idir dáta glactha agus dáta éisteachta na gcásanna i 2007, 2008 agus 2009 le figiúirí comparáideacha de Dhífhostú Éagórach agus Iomarcaíocht don dtréimhse chéanna ann. |
| AGUISÍN 2 | Dáileadh an Chúitimh bhronnta ag an mBinse agus é déanta i mBreithiúnais um Dhífhostú Éagórach i 2009. |
| AGUISÍN 3(A) | Méid uair a Shuigh an Binse ag na Láthair Éagsúla i 2009. |
| AGUISÍN 3(B) | Sonraí ar shuíonna an Bhinse i 2009. |

# AGUISÍN 1(A)

## ACHOIMRE AR NA HÉIIMH CURTHA FAOI BHRÁID AN BHINSE I 2009 AGUS TORADH NA NÉILEAMH CURTHA DE LÁIMH I 2009

| Acht | Méid na n-Éileamh curtha faoi bhráid*1 | Ceadaithe | Nár Cheadaíodh | Tarraingthe Siar le linn na h-Éisteachta | Tarraingthe Siar roimh an Éisteacht | Méid Iomlán na n-Éileamh Curtha de láimh*2 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí Iomarcaíochta | 3,008 | 618 | 203 | 101 | 498 | 1,420 |
| Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta | 2,324 | 423 | 279 | 188 | 384 | 1,274 |
| Dhífhostú Éagórach (Éilimh Díreacha) | 2,248 | 200 | 254 | 231 | 370 | 1,055 |
| Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) | 11 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Eagrú Ama Oibre | 1,059 | 103 | 100 | 121 | 155 | 479 |
| ***IOMLÁN*** | ***8,650*** | ***1,344*** | ***836*** | ***641*** | ***1,407*** | ***4,228*** |

*1. Roinnt éilimh curtha faoi bhráid i 2009 agus nár cuireadh de láimh fós.

*2. Roinn éilimh curtha de láimh i 2009 a bhí curtha faoi bhráid i 2008.

**Tá roinnt Achomharc i gcoinne Mholtaí Coimisinéirí um Chearta fágtha amach — Féach ar Aguisín 1 (B).**

An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

# AGUISÍN 1(B)

## ACHOIMRE NA N-ACHOMHARC I GCOINNE MHOLTAÍ COIMISINÉIRÍ UM CHEARTA CURTHA FAOI BHRÁID AN BHINSE I 2009 AGUS TORADH NA N-ACHOMHARC CURTHA DE LÁIMH I 2009

| Reachtaíocht | | Achomhairc ag Fostaithe | | | | | Cásanna curtha de láimh | Achomhairc ag Fostóirí | | | | | Cásanna curtha de láimh | Iomlán Curtha De Láimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Iomlán Curtha Faoi Bhráid | Méid curtha faoi bhráid | Toradh na n-Achomharc | | | | | Méid curtha faoi bhráid | Toradh na n-Achomharc | | | | | |
| | | | Moltaí Gur Seasadh Leo | Moltaí Gur Eitíodh | Moltaí Gur Ath-raíodh | Achom-hairc Tar-raingthe Siar | | | Moltaí Gur Seasadh Leo | Moltaí Gur Eitíodh | Moltaí Gur Ath-raíodh | Achom-hairc Tar-raingthe Siar | | |
| Achtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977–2007 | **178** | 113 | 27 | 9 | 5 | 16 | **57** | 65 | 3 | 11 | 5 | 18 | **37** | **94** |
| Achtanna um Chosaint Mháith-reachais 1994 agus 2004 | **6** | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **1** |
| Achtanna um Íocaíocht Tuarastail 1991 | **257** | 105 | 45 | 2 | 1 | 38 | **86** | 152 | 20 | 7 | 6 | 50 | **83** | **169** |
| Achtanna um Théarmaí Fostaíochta (Eolas) 1994 & 2001 | **164** | 64 | 7 | 3 | 1 | 10 | **21** | 100 | 35 | 0 | 7 | 46 | **88** | **109** |
| An tAcht um Shaoire Tuismitheoirí 1998 agus 2006 | **3** | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| Saoire Cúramóra 2001 | **2** | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaithe in Aistriú na n-Gnóthas) 2003 | **19** | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | 17 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| ***Iomlán*** | ***629*** | ***291*** | ***80*** | ***14*** | ***7*** | ***64*** | ***165*** | ***338*** | ***58*** | ***18*** | ***18*** | ***114*** | ***208*** | ***373*** |

* Roinnt achomharc curtha faoi bhráid i 2009 nár cuireadh de láimh iad fós

* Roinnt achomharc curtha de láimh i 2009 gur cuireadh faoi bhráid i 2008

# AGUISÍN 1(C)

## ACHOIMRE AR NA HÉILIMH LE HAGHAIDH FHORFHEIDHMITHE CURTHA FAOI BHRÁID AGUS CURTHA DE LÁIMH I 2009 SA CHÁS NÁR CUIREADH MOLTAÍ COIMISINÉIRÍ UM CHEARTA I BHFEIDHM

| Reachtaíocht | Méid Iomlán na n-éileamh curtha faoi bhráid | Ceadaithe | Dífe | Achomhairc Tarraingthe Siar | Méid Iomlán na n-éileamh curtha faoi bhráid |
|---|---|---|---|---|---|
| An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977–2001 | 63 | 19 | 0 | 14 | 33 |
| An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Eolas) 1994–2001 | 113 | 33 | 2 | 11 | 46 |
| Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cosaint Fostaithe in Aistriú na n-Gnóthas) 2003 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| ***Iomlán*** | ***179*** | ***52*** | ***2*** | ***25*** | ***79*** |

# AGUISÍN 1(D)

## TORADH COIMRE AR NA HACHOMHAIRC GO LÉIR I GCOINNE MHOLTAÍ COIMISINÉIRÍ UM CHEARTA, AGUS AR NA HÉILIMH LE HAGHAIDH CHUR I BHFEIDHM SA CHÁS NÁR CUIREADH MOLTAÍ NA GCOIMISINÉIRÍ UM CHEARTA I BHFEIDHM LE LINN 2009

| Méid iomlán na n-éileamh & na n-achomharc le haghaidh fhorfheidhmithe curtha faoi bhráid | Taifead gur Seasadh Leo | Taifead gur Eitíodh | Taifead gur Athraíodh | Achomhairc Tarraingthe Siar* | Méid Iomlán na n-éileamh curtha de láimh |
|---|---|---|---|---|---|
| **808** | 190 | 34 | 25 | 203 | **452** |

* Tá na hachomhairc tarraingthe siar roimh, le linn nó i gcásanna áirithe ag deireadh na héisteachta

# AGUISÍN 1(E)

## TRÉIMHSE FEITHIMH AR AN MEÁN IDIR DÁTA GLACTHA AGUS DÁTA ÉISTEACHTA NA GCÁSANNA i 2007, 2008 agus 2009 LE FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA DE DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH AGUS IOMARCAÍOCHT DON DTRÉIMHSE CHÉANNA ANN

| Tréimhse Feithimh Bhliantúil Ar An Meán le haghaidh Bhaile Átha Cliath | | | |
|---|---|---|---|
| | **2007** | **2008** | **2009** |
| Seachtainí | 20 | 16 | 31 |

| Tréimhse Feithimh Bhliantúil ar an Meán le haghaidh Ceantair na gCúigí | | | |
|---|---|---|---|
| | **2007** | **2008** | **2009** |
| Seachtainí | 51 | 31 | 32 |

## FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA LE HAGHAIDH ÉILIMH DO DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH agus IOMARCAÍOCHT GUR CUIREADH FAOI BHRÁID AN BHINSE AGUS GUR CUIREADH DE LÁIMH i 2007, 2008 agus 2009

| | **2007** | **2008** | **2009** |
|---|---|---|---|
| ***Dífhostú Éagórach*** | | | |
| Cásanna Curtha Faoi Bhráid | 1,127 | 1,538 | 2,488 |
| Cásanna Curtha De Láimh | 1,024 | 1,224 | 1,182 |
| ***Iomarcaíocht*** | | | |
| Cásanna Curtha Faoi Bhráid | 637 | 1,407 | 3,008 |
| Cásanna Curtha De Láimh | 546 | 1,038 | 1,420 |

# AGUISÍN 2

## DÁILEADH AN CHÚITIMH BRONNTA AG AN MBINSE I GCÁS CINNTÍ DÍFHOSTAITHE ÉAGÓRACHA I 2009

**Iomlán Bronnta:** **€3,039,791.83**

**Méid Iomlán na gCinntí de Dhífhostú Éagórach**

**Meán** **€14,008.26**

| Cúiteamh Bronnta € | Méid | Cúiteamh Bronnta € | Méid |
|---|---|---|---|
| 0 | 3 | 5001-6000 | 7 |
| 1-250 | 1 | 6001-7000 | 8 |
| 251-500 | 7 | 7001-8000 | 7 |
| 501-750 | 4 | 8001-9000 | 8 |
| 751-1000 | 10 | 9001-10000 | 14 |
| 1001-2000 | 17 | 10001-15000 | 29 |
| 2001-3000 | 12 | 15001-20000 | 23 |
| 3001-4000 | 6 | 20001-25000 | 16 |
| 4001-5000 | 17 | >25001 | 28 |

D’ordaíodh aischur i 5 gcás
D’ordaíodh ath-pháirtíocht i 6 cás

# AGUISÍN 3(A)

## MÉID UAIR A SHUIGH AN BINSE AG NA LÁTHREACHA ÉAGSÚLA I 2009

| LAIGHIN | | AN MHUMHAN | | CONNACHTA | | ULADH | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LÁTHAIR | MÉID SUÍONNA I NGACH LÁTHAIR | LÁTHAIR | MÉID SUÍONNA I NGACH LÁTHAIR | LÁTHAIR | MÉID SUÍONNA I NGACH LÁTHAIR | LÁTHAIR | MÉID SUÍONNA I NGACH LÁTHAIR |
| Átha Luain | 32 | Beanntraí | 1 | Bealach a' Doirín | 4 | An Cabhán | 28 |
| Ceatharlach | 24 | Cloch na Coillte | 1 | Béal Átha na Sluaighe | 2 | Dún na nGall | 5 |
| Droichead Átha | 6 | Cluain Meala | 16 | Cearra Droma Rúisc | 5 | Litir Chainnigh | 50 |
| Baile Átha Cliath | 482 | Corcaigh | 145 | Caisleán a' Bharraigh | 35 | Muineacháin | 18 |
| Dún Dealgan | 22 | Inis | 35 | An Ghaillimh | 12 | | |
| Cill Chainnigh | 23 | An Marcach | 7 | Baile Locha Riach | 60 | | |
| Long Fort | 16 | Cill Airne | 18 | Ros Comáin | 5 | | |
| An Muileann gCearr | 9 | Luimneach | 81 | Sligeach | 33 | | |
| An Nás | 41 | Mala | 9 | | | | |
| An Uaimh | 21 | Aonach Urmhumhan | 8 | | | | |
| Port Laoise | 19 | An Sciobairín | 3 | | | | |
| An Tulach Mór | 25 | Dúrlas Éile | 4 | | | | |
| Loch Garman | 36 | Trá Lí | 25 | | | | |
| Cill Mhantáin | 27 | Port Láirge | 44 | | | | |
| ***IOMLÁN*** | ***783*** | | ***397*** | | ***156*** | | ***101*** |

# AGUISÍN 3(B)

## SONRAÍ DE SHUÍONNA AN BHINSE I 2009

*Idir 1ú Eanáir – 31ú Nollaig 2009*

| Méid laethanta | Méid laethanta gur shuigh Roinn Amháin | Méid laethanta gur shuigh Dhá Roinn | Méid laethanta gur shuigh Trí Roinn | Méid laethanta gur shuigh Ceithre Roinn | Méid laethanta gur Shuigh Cúig Roinn | Méid laethanta gur Shuigh Sé Roinn | Méid Laethanta Gur Shuigh Seacht Roinn | Méid Láthair gur Shuigh an Binse Iontu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 228 | 0 | 5 | 11 | 16 | 31 | 57 | 108 | 40 |

| Méid iomlán na Suíonna | Roinn Amháin | Dhá Roinn | Trí Roinn | Ceithre Roinn | Cúig Roinn | Sé Roinn | Seacht Roinn | Méid Suíonna | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | Bhaile Átha Cliath | Na Cúigí |
| 1,437 | 0 | 10 | 33 | 64 | 155 | 342 | 756 | 482 | 955 |